Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/1370

19.2.2024

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Tríú Dlísheomra) an 21 Nollaig 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio – an Iodáil) – Papier Mettler Italia Srl v Ministero della Transizione Ecologica, Ministero dello Sviluppo Economico**

**(Cás C-86/22 ([1]), Papier Mettler Italia)**

***(Tarchur chun réamhrialú – Comhfhogasú reachtach – Timpeallacht – Treoir 94/62/CE – Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht – Treoir 98/34CE – Nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na gcaighdeán teicniúil agus na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise – Oibleagáid ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach faoi aon dréacht-rialachán teicniúil – Reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear do rialacha teicniúla níos srianta ná na rialacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh)***

(C/2024/1370)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Papier Mettler Italia Srl

*Cosantóirí:* Ministero della Transizione Ecologica, Ministero dello Sviluppo Economico

*Idiragraí*: Associazione Italiana delle Bioplastiche e dei Materiali Biodegradabili e Compostabili – Assobioplastiche

**An chuid oibríochtúil**

1) Maidir le hAirteagail 8 agus 9 de Threoir 98/34/CE an 22 Meitheamh 1998 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na gcaighdeán teicniúil agus na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   cuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta a ghlacadh lena gcuirtear toirmeasc ar mhargaíocht málaí aonúsáide a dhéantar as ábhair neamh-bhithdhíghrádaithe agus neamh-inmhúirínithe ach lena gcomhlíontar na ceanglais eile a leagtar síos i dTreoir 94/62/CE an 20 Nollaig 1994 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht arna leasú le Treoir 2013/2/AE ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2013, i gcás nár tugadh fógra faoin reachtaíocht sin don Choimisiún ach cúpla lá sular foilsíodh agus glacadh í;

2) Maidir le hAirteagal 18 de Threoir 94/62 arna leasú le Treoir 2013/2, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 9 agus le hIarscríbhinn II de Threoir 94/62, arna leasú,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   cuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta a ghlacadh lena gcuirtear toirmeasc ar mhargaíocht málaí aonúsáide a dhéantar as ábhair neamh-bhithdhíghrádaithe agus neamh-inmhúirínithe ach lena gcomhlíontar na ceanglais eile a leagtar síos i dTreoir 94/62, arna leasú. Féadfar bonn cirt a bheith leis an reachtaíocht sin, áfach, leis an gcuspóir leibhéal cosanta níos airde don timpeallacht a áirithiú, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 114(5) agus 6 CFAE.

3) Maidir le hAirteagal 18 de Threoir 94/62, arna leasú le Treoir 2013/2, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 9(1) agus Iarscríbhinn II de Threoir 94/62 arna leasú,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   tá éifeacht dhíreach i gceist leis, agus is den sórt é faoina gcaithfidh cúirt náisiúnta, i ndíospóid idir duine aonair agus údaráis náisiúnta, reachtaíocht náisiúnta atá i gcontrárthacht le hAirteagal 18 a fhágáil gan feidhm.

([1]) IO C 165, 19.4.2022

4) Maidir le hAirteagal 18 de Threoir 94/62, arna leasú le Treoir 2013/2,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

féadfaidh reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear toirmeasc ar mhargaíocht málaí aonúsáide a dhéantar as ábhair neamh-bhithdhíghrádaithe agus neamh-inmhúirínithe ach lena gcomhlíontar na ceanglais eile a leagtar síos i dTreoir 94/62 arna leasú, a bheith ina sárú sách tromchúiseach ar an Airteagal 18 úd.